# Ceacht a Trí ~ Daonáireamh 2006

## Téama
Daonáireamh Ranga 2006

## Cuspóirí
Go gcuirfear ar chumas an pháiste:
- labhairt faoi Dhaonáireamh náisiúnta 2006 atá ag teacht aníos agus an aidhm a bhaineann leis ag a leibhéal féin tuisceana
- cur síos a dhéanamh ar an bpróiséas a bhaineann le sonraí a bhailiú
- plé a dhéanamh ar chonas is féidir sonraí a úsáid le fadhbanna laethúla an tsaoil a réiteach agus le pleanáil don todhchaí
- fíricí, figiúirí agus staitisticí a aimsiú a d'fhéadfadh a bheith úsáideach le pleanáil sa todhchaí agus ceisteanna a theastaíonn a chur a phlé
- páirt a ghlacadh i bpróiséas an daonáirimh ag leibhéal ranga
- sonraí ranga a léiriú agus a mhíniú ag baint úsáide as modhanna éagsúla

## Comhthathú agus Nascáil
**Matamaitic** Uimhir – Sórtáil, Sraitheanna a chur le chéile agus a chur i gComparáid, comhaireamh
**Sonraí**: Léiriú agus Míniú
**Gaeilge** Forbairt ar an Teanga Labhartha

## Tascanna
- Dul siar ar phríomhtheachtaireachtaí ó Cheachtanna a hAon agus a Dó
- Gníomhaíocht don rang iomlán – Foirm a dhearadh
  Gníomhaíocht a 1: An fhoirm a chomhlánú
  Gníomhaíocht a 2: An daonra samplach a scrúdú
  Gníomhaíocht a 3: Na sonraí a chur le chéile
  Gníomhaíocht a 4: Scór daonáirimh a choinneáil

## Teastaíonn
- Cártaí Sórtála M 3.1
- Cairt de Chiorcal an Daonáirimh M 3.2
- Príomhcheisteanna ó fhoirm an Daonáirimh 2006 M 3.3
- Samplaí d'fhoirmeacha an Daonáirimh M 3.4 a b
- Bileog scóir an Daonáirimh M 3.5
- Obair Inchinne M 3.6 a b c

## Naisc Bhaile /Scoile
Nuair atá an daonáireamh ranga déanta déan cóip de na torthaí agus cuir abhaile iad le plé.
Más féidir déan fótachóip de na cártaí sórtála do gach páiste agus is féidir leo iad a thabhairt abhaile le ciorcal an daonáirimh a mhíniú sa bhaile.

## Príomhtheachtaireachtaí
- Foinse an-tábhachtach eolais maidir lenár dtír é an daonáireamh.
- Tá na fíricí agus na figiúirí a sholáthraíonn an daonáireamh riachtanach le pleanáil don todhchaí
- Foinse iontach eolais é daonáireamh ranga agus is féidir é a dhearadh le fíricí agus figiúirí a sholáthar (staitisticí) ar mhaithe le pleanáil sa scoil.
- Tá gach céim sa phróiséas bailiúcháin sonraí tábhachtach le go n-éireoidh leis an daonáireamh
- Is féidir sonraí a chur in iúl i bhfoirm ghraif, léaráidí nó phictiúirí chomh maith le bheith i bhfoirm thuairisce.

## Foclóir
*Daonáireamh, bailigh, eolas, sonraí, fiafraigh, cuir ceist, liostaigh, foirm, fiafraigh, Dé Domhnaigh, Aibreán, eolas, aois, seoladh, oideachas, cáin, comhairigh, tír, meas, rialtas, inscne, fostaíocht*

Is foinse shaibhir é an foclóir thuasluaite d'ábhar díospóireachta agus don obair scríofa freisin.

## Measúnú
Beidh na páistí in ann
- na príomhtheachtaireachtaí ó Cheacht a hAon agus a Dó a insint duit
- tosú ag baint úsáide as an bhfoclóir a bhaineann le Daonáireamh 2006 le cur síos a dhéanamh ar an bplé a bhí ag teaghlaigh na hÉireann leis an daonáireamh
- míniú céard é an daonáireamh agus cén fáth/cén chaoi a gcuirtear an daonáireamh i gcrích
- na céimeanna i bpróiséas an daonáirimh a chur san ord ceart trí chártaí léirithe a shórtáil
- páirt a ghlacadh i bpróiséas bailiúcháin sonraí ag leibhéal seomra ranga trí dhaonáireamh ranga a chur le chéile

## Nótaí Airde don Mhúinteoir
Déan nóta de na páistí nach mbíonn aon deacracht acu le gníomhaíocht an ranga agus tabhair dúshlán dóibh ollsraitheanna sonraí a bhailiú, anailís agus comparáid a dhéanamh orthu. Déan cinnte go bhfuil tascanna faoi leith ag páistí atá níos laige nuair atá na sonraí á mbailiú agus á gcomhaireamh le cinntiú nach mbíonn siad fágtha amach ó na scileanna forbartha ag leibhéal níos airde.

# Nótaí an Mhúinteora – Ceacht a 3

Sraith gníomhaíochtaí atá sa cheacht seo go bhféadfaí a dhéanamh thar tréimhse, is cinnte go bhfuil obair do thréimhse iomlán ranga i ngach ceann de na gníomhaíochtaí. Tá sé tábhachtach a rá nuair atá na gníomhaíochtaí seo á gcur i gcrích agat go bhfuil tú ag clúdach na rannóga seo:

- Gaeilge, mar shampla scríbhneoireacht d'aidhm faoi leith (*genre*), graif agus táblaí a léamh agus a mhíniú
- SESE: Sórtáil eolaíochta agus rangú eolais
- OSSP: Saoránacht
- Sonraí matamaiticiúla

Féach Gníomhaíochtaí Daonáirimh 2006 le sonraí na nasc.

## Babhta Tobsmaointe

Déan an Daonáireamh a phlé ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar an tuiscint atá ag na páistí air.

- céard é an daonáireamh
- cén fáth go gcuirtear i gcrích é
- cé na sonraí nó cén t-eolas a bhailítear
- conas is féidir sonraí an daonáirimh a úsáid

**Dul siar ar phríomhtheachtaireachtaí ó Cheachtanna a hAon agus a Dó**

- Baineann ord leis an bpróiséas bailiúcháin sonraí
- Is féidir sonraí a úsáid le tuairimí nó tréithe grúpa daoine a léiriú
- Is féidir sonraí a bhailiú agus a mhíniú le cúnamh a fháil fadhbanna laethúla a réiteach
- Is féidir sonraí a léiriú ar bhealaí éagsúla
- Is foinse fíor thábhachtach eolais maidir lenár dtír é an Daonáireamh
- Tá fíricí agus figiúirí a sholáthraíonn an Daonáireamh riachtanach leis an todhchaí a phleanáil

Bain úsáid as luas chártaí le príomhfhocail a bhaineann leis an daonáireamh orthu (baineadh úsáid as go leor de na focail seo i bhFocal Cuardaigh an Daonáirimh i gCeacht a Dó)
Téigh siar ar na céimeanna i gCiorcal an Daonáirimh is iad sin na céimeanna i bpróiséas bailiúcháin an daonáirimh ag baint úsáide as na cártaí leide a bhí i gCeacht a Dó. Is féidir leis an rang iomlán a bheith páirteach anseo nó grúpaí/beirteanna agus cártaí beaga a úsáid (féach **M 3.1**)
Bain úsáid as cóip mhéadaithe de phóstaer A4 Ciorcal an Daonáirimh a cuireadh ar fáil sa cheacht seo le hachoimre a dhéanamh ar an bpróiséas bailiúcháin sonraí (**M 3.2**)

## Gníomhaíocht don Rang Iomlán

- Tar éis na díospóireachta ar an daonáireamh náisiúnta labhair leis na páistí faoi Dhaonáireamh Ranga
- Labhair leo maidir leis an ullmhúchán a bheadh ag teastáil le daonáireamh a phleanáil i.e.
    - ✓ Coiste daonáirimh a eagrú
    - ✓ Dáta an daonáirimh a roghnú
    - ✓ Dáta an daonáirimh a fhoilsiú
    - ✓ Foirm an daonáirimh a dhearadh
    - ✓ Cinneadh a dhéanamh ar na ceisteanna
    - ✓ Eolas a chur ar fáil don ghrúpa taighde
    - ✓ Áiritheoirí a aimsiú leis na foirmeacha a dháileadh, chun eolas a sholáthar agus leis na foirmeacha comhlánaithe a bhailiú
    - ✓ Cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach a dhéanfar na sonraí a eagrú agus a chur ar fáil (mar thuairisc, ag baint úsáide as graif nó as táblaí uimhreacha)

- ✓ Cinneadh a dhéanamh maidir leis an mbealach a dhéanfar na torthaí a thuairisciú don phobal (don rang sa chás seo).

- Déan na pointí thuasluaite a phlé ceann i ndiaidh a chéile leis na páistí :
  - ✓ Beidh an rang ina choiste daonáirimh le ról faoi leith i gciorcal an daonáirimh ag gach grúpa.
  - ✓ Déan cinneadh in éineacht leis na páistí cén dáta a bheadh feiliúnach don daonáireamh
  - ✓ Spreag na páistí le póstaeir, leabhair mharcanna &rl a dhearadh le béim a leagan ar dháta an daonáirimh agus len é a fhógairt. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh sa bhaile le cúnamh agus tacaíocht ó thuismitheoirí agus daoine eile sa teaghlach.

- Labhair leis na páistí maidir leis an gcineál sonraí/eolais atá ag teastáil maidir leis an rang. D'fhéadfaí na sonraí seo a cheangal leis na sonraí a theastaíonn ó Dhaonáireamh 2006.

- Iarr ar na páistí oibriú ina mbeirteanna le cinneadh a dhéanamh cé na ceisteanna gur ceart a chur ar an bhfoirm, mar shampla ainm, áit bhreithe, aois, modh taistil chun na scoile, achar ón mbaile chun na scoile … d'fhéadfaí na ceannteidil seo a chur suas ar an gclárbán/dubh agus an rang ar fad a bheith aontaithe orthu. D'fhéadfaí é seo a úsáid ansin mar bhunús leis an eolas cuí a bhailiú maidir lena rang féin.

- Is féidir leis na páistí ansin foirm Dhaonáirimh a dhearadh ina mbeirteanna nó i ngrúpaí ag baint úsáide as **M 3.4 a**. Nó, d'fhéadfaí an fhoirm shamplach daonáirimh **M 3.4 b** a úsáid.

- Is féidir na foirmeacha a dháileadh ar na páistí mar dhráma beag agus áiritheoir Daonáirimh ag dáileadh na bhfoirmeacha daonáirimh ar na páistí agus ag tabhairt cúnaimh aon cheisteanna atá ag na páistí a fhreagairt. Cuirfidh an t-áiritheoir dáta an Daonáirimh Ranga in iúl do na páistí freisin.

- Déanann na páistí ansin scrúdú ar na foirmeacha ina mbeirteanna le breathnú conas a dhéanfaidh siad iad a chomhlánú agus conas na ceisteanna a fhreagairt i gceart.

## Gníomhaíocht a 1 – An fhoirm a chomhlánú

- Ar dháta an Daonáirimh Ranga tabharfar deis do na páistí i rith an lae na foirmeacha a chomhlánú. D'fhéadfaí an ceacht scríbhneoireachta seo a chur i gcrích i gcúinne faoi leith scríbhneoireachta atá ann don daonáireamh. D'fhéadfaí an áit seo a mhaisiú leis na póstaeir dhaonáirimh a rinne na páistí agus le cártaí eolais maidir leis an daonáireamh. D'fhéadfaí pinn, pinn luaidhe, scriosáin, páipéar, foirmeacha breise daonáirimh agus clúdaigh litreacha a sholáthar freisin ag an mbord scríbhneoireachta don daonáireamh.

- Nuair atá foirmeacha an daonáirimh comhlánaithe mar is cuí ag na páistí cuirtear in áit sabháilte iad go dtí go dtagann áiritheoir/bailitheoir an daonáirimh len iad a bhailiú ar an lá atá leagtha síos.

- Is féidir ansin leis an múinteoir plé a dhéanamh leis na páistí ar na bealaí go bhféadfaí an tsraith sonraí a bailíodh sa Daonáireamh Ranga a thaifead agus a úsáid.

## Gníomhaíocht a 2 – An daonra samplach a sheiceáil

- Áireamh oifigiúil de dhaonra na tíre atá i gceist leis an daonáireamh náisiúnta agus mar sin ní mór mar chéad tasc don daonáireamh ranga fáil amach cé mhéid daoine atá i láthair/as láthair ón scoil Lá an Daonáirimh, is é sin áireamh oifigiúil de dhaonra an tseomra ranga.

- Is féidir ansin leis an múinteoir foirmeacha an daonáirimh a úsáid le fáil amach cé atá i láthair/as láthair. Is féidir an méid páistí atá i láthair/as láthair a thaifead ar an gclárdubh/ar chairt.

## Gníomhaíocht a 3 – Na sonraí (an t-eolas) a chur le chéile – na páistí ina ríomhairí

- Is féidir na foirmeacha a thabhairt ar ais do na páistí agus beidh siad ag obair mar ríomhaire leis na sonraí ar fad a chur le chéile.
- Is féidir gach ceist a thógáil inti féin agus na sonraí a bhailiú ina n-iomlán. Is féidir leis na páistí a bheith ina sraitheanna sonraí. Is féidir le hionadaithe ó choiste an daonáirimh na torthaí a thaifead ar an gclárdubh / ar chairt mar shampla.
    - **Ceist a 1: An buachaill nó cailín thú?**
      (Seasann na buachaillí ar fad agus déantar iad a chomhaireamh, ansin na cailíní). Déantar na sonraí a thaifead ar 'phríomh' bhileog ar bhord nó ar chairt.
    - **Ceist a 2: Cén mhí a rugadh thú?**
      Bíodh liosta de na míonna leagtha amach ar an gclárdubh agus líon isteach é de réir mar a sheasann na páistí suas dá mí féin. Cé mhéid i mí Eanáir, Feabhra ……
    - **Ceist a 3: Cén aois thú?**
      Is féidir leis na páistí plé a dhéanamh ar na haoiseanna a bheidh ag teastáil uathu a chur san áireamh leis na sonraí a bhailiú. An dteastaíonn na haoiseanna 1, 2, 3, 4, 5…? An gá dúinn dul thar 10 mbliana?
    - **Ceist a 4: Cén tír inár rugadh thú?**
      Déan liosta de na tíortha cuí agus coinnigh an scór de réir mar a chuireann na páistí an t-eolas ar fáil.
    - **Ceist a 5: Cá bhfuil cónaí ort?**
      Beidh plé le déanamh anseo ar an teorainn atá ag an mbaile agus cá dtosaíonn an tuath agus beidh sé soiléir go bhfuil sé tábhachtach a bheith cruinn.
    - **Ceist a 6: Cén modh taistil chun na scoile atá agat?**
      Glaoigh amach na roghanna éagsúla agus lig do na páistí a bheith ina sraitheanna sonraí agus seasamh suas nuair a ghlaotar amach an modh taistil atá acu féin. Céard a dhéanann tú má shiúlann tú amanna agus má thagann tú sa charr nuair atá báisteach ann?
    - **Ceist a 7: Cén t-achar é ó do theach chuig an scoil?**
      An mbeidh an t-eolas seo curtha ar fáil i gciliméadair? Cén t-achar is giorra/is faide a thaistealaíonn na páistí?
    - **Ceist a 8: Cé chomh fada a thógann do thuras chun na scoile?**
      An mbeidh an t-eolas seo curtha ar fáil in uaireanta / nóiméid? Céard é an t-am is lú / is mó a bhíonn páistí ag taisteal?
    - **Ceist a 9: Cén cineál tí a bhfuil cónaí ort ann?**
      Déan plé ar na cineálacha lóistín agus tithíochta leis na páistí. Is féidir é seo a chomhthathú leis an gcuraclam tíreolaíochta.
    - **Ceist a 10: An bhfuil Ríomhaire Pearsanta (R.P.) agat?**
      Céard é R.P.? An ceart ríomhairí páistí / ríomhairí soghluaiste a chur san áireamh…?

- **Ceist a 11: An bhfuil rochtain agat ar an Idirlíon sa bhaile?**
  Déan 'Rochtain ar an Idirlíon' a phlé leis na páistí. Céard é rochtain ar an Idirlíon? Cén chaoi a mbíonn a fhios agat má tá rochtain agat ar an Idirlíon? Cé mhéid páistí / daoine fásta a úsáideann an tIdirlíon sa bhaile? Conas is féidir an tIdirlíon a úsáid?

## Gníomhaíocht a 4 – Scór Daonáirimh a dhéanamh

Is féidir leis na páistí bileog scóir an daonáirimh a chomhlánú ina n-aonair nó mar ghrúpa ag baint úsáide as an eolas a bhailítear ón rang (Féach **M 3.5**)

## Don rang ar fad

- Déan na príomhtheachtaireachtaí ón gceacht a phlé agus iarr ar na páistí cur síos agus tuairisciú a dhéanamh ar chur i gcrích an daonáirimh ranga. Déan aon deacrachtaí a bhí agaibh a phlé agus conas go bhféadfaí na bacanna / dúshláin seo a sheachaint i ndaonáireamh eile / i gceacht bailiúcháin sonraí.
- Conas is féidir anois na sonraí atá bailithe a léiriú. Cén chaoi gur cheart na sonraí seo a chur i láthair na scoile / an bhaile, mar shampa taispeántas i halla na scoile, leabhrán daonáirimh ?

## Obair bhreise

- Ag baint úsáide as na sonraí a bailíodh sa daonáireamh ranga coinnigh an chairt ar an mballa agus is féidir gníomhaíochtaí a scríobh ar an gclárdubh/bán cúpla babhta sa tseachtain do na daoine a chríochnaíonn go luath nó mar obair bhreise do na páistí atá níos cumasaí. Ag obair ina ngrúpaí beaga is féidir leis na páistí iarracht a dhéanamh teacht suas le bealaí leis na sonraí a thaifead. Is féidir níos déanaí na moltaí sin a scrúdú agus triail a bhaint astu sa rang. Is scil riachtanach é seo (ag éisteacht le agus plé a dhéanamh ar ár n-obair mhatamaiticiúil féin agus obair dhaoine eile).

- Tá obair inchinne spraíúil curtha ar fáil leis an gceacht seo (Féach Bileoga Achmainne **M 3.6 a b c**). Is féidir le páistí a chríochnaíonn a gcuid oibre go luath iad seo a úsáid nó is féidir iad a úsáid mar thascanna spraíúla lá báistí ag am sosa, sa bhaile nó le am a chaitheamh go ginearálta. Chomh maith leis an obair inchinne seo a dhéanamh is féidir na páistí a spreagadh lena n-obair inchinne féin a scríobh le téama an daonáirimh.

## Naisc bhaile/scoile

Tugann na páistí abhaile a bhfoirmeacha comhlánaithe len iad a phlé lena dtuismitheoirí.

# Céimeanna i gCiorcal an Daonáirimh

| | | | |
|---|---|---|---|
| Dáilítear foirmeacha an Daonáirimh ar ár dtithe | Déantar foirmeacha an Daonáirimh a chomhlánú Lá an Daonáirimh | Bailítear foirmeacha an Daonáirimh tar éis Lá an Daonáirimh | Déantar foirmeacha an Daonáirimh a sheiceáil agus a scanáil |

| | | |
|---|---|---|
| Cuirtear eolas ar ghraif nó ar liostaí | Léann daoine na graif agus scríobhann siad tuairiscí | Déantar pleananna leis an tír a fheabhsú |

M 3.2

# Ciorcal an Daonáirimh

Dáilítear foirmeacha an Daonáirimh 4 sheachtain roimh Lá an Daonáirimh

Déantar foirmeacha an Daonáirimh a chomhlánú – 23 Aibreán 2006

Bailíonn áiritheoirí foirmeacha an daonáirimh agus freagraíonn siad ceisteanna

Déantar foirmeacha an daonáirimh a sheiceáil agus a scanáil

Déantar sonraí an daonáirimh a chur le chéile agus a léiriú i bhfoirm ghraif

Déantar anailís ar shonraí agus scríobhtar tuairiscí

Déantar pleananna do thodhchaí na tíre bunaithe ar shonraí an daonáirimh

# Daonáireamh 2006 ~ Príomhcheisteanna

## Daoine i Láthair Oíche an Daonáirimh

- Ainm
- Gnéas
- Dáta Breithe
- Áit Bhreithe
- Náisiúntacht
- Áit chónaithe oíche an Daonáirimh
- Stádas Pósta
- Creideamh
- An Ghaeilge
- Modh taistil chun na hoibre, na scoile nó an choláiste
- Achar taistilithe
- Am a thógann sé
- Oideachas
- Gníomhaíochtaí Deonacha
- Gairm bheatha

## Tréithe an Teaghlaigh

- Cineál cóiríochta
- An bhliain ar tógadh an teach
- Cíos íoctha
- Líon seomraí
- Téamh lárnach
- Soláthar uisce
- Áiseanna séarachais
- Líon carranna agus veain
- Úinéireacht RP
- Rochtain ar an idirlíon

**M 3.4 a**

# Foirm don Daonáireamh Ranga

# Foirm don Daonáireamh Ranga

Ainm : ..................................................

An buachaill nó cailín thú? ..................................

Cén mhí inár rugadh thú? ..................................

Cén aois thú? ..................................

Cén tír inár rugadh thú? ..................................

Cá bhfuil tú i do chónaí?

Sa bhaile mór ☐ Faoin tuath ☐

Cén modh taistil chun na scoile atá agat?

Siúl ☐ Rothar ☐ Bus ☐ Carr ☐

Cé chomh fada atá do theach ón scoil? ..................................

Cé chomh fada a thógann an turas chun na scoile? ..................................

Cén cineál tí ina chónaíonn tú? ..................................

Cén bhliain ar tógadh do theach/arasán? ..................................

An bhfuil ríomhaire agat sa bhaile? ..................................

An bhfuil an tIdirlíon agat sa bhaile? ..................................

# Scór don Daonáireamh Ranga
# Bímís ag comhaireamh

Cé mhéid daoine sa rang? ..............................

Cé mhéid buachaillí sa rang? ..............................

Cé mhéid cailíní sa rang? ..............................

Cé mhéid daoine a rugadh i ngach mí :

| Eanáir | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Meitheamh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| Iúil | Lúnasa | M. Fómhair | D. Fómhair | Samhain | Nollaig |
| | | | | | |

Cén tír inár rugadh thú?

| Éire | Ríocht Aontaithe | S.A.M. | An Fhrainc | An Spáinn | An Ghearmáin |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| **An Phólainn** | An Nigéir | | | | |
| | | | | | |

Cé mhéid daoine a rugadh:

| I mBaile | | Faoin tuath | |
|---|---|---|---|

Cé mhéid daoine a thagann chun na scoile:

| Ag Siúl | Ar Rothar | Ar Bhus | Sa Charr | Eile |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Cé chomh fada atá an turas chun na scoile?

| < 5 Cm | 5-10 Cm | 10-15 Cm | 15-20 Cm | Eile |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Cé mhéid ama a thógann an turas chun na scoile?

| < 10 nóiméid | 10-20 nóiméid | 20-30 nóiméid | 30-40 nóiméid | Eile |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Cén cineál tí ina bhfuil cónaí ort?

| Scoite | Leath-scoite | Sraithe | Arasán | Eile |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Cé mhéid daoine a bhfuil ríomhaire sa bhaile acu? ..............................

Cé mhéid daoine a bhfuil an t-Idirlíon sa bhaile acu? ..............................

# Obair Inchinne
# Cén aois mé?

Bhíodh Nellie Uí Cheallaigh i gcónaí ag imirt cleasanna amaideacha ar a cara Minnie Mannion. Lá amháin, ghléas Nellie mar áiritheoir daonáirimh, fuair sí páipéar agus clár fáiscín agus chuaigh sí le roinnt ceisteanna a chur ar Minnie.

Ach, ba bhean chliste a bhí i Minnie, agus chonaic sí Nellie ag déanamh ar a teach. Shochraigh sí an cleas a imirt. D'oscail sí an doras agus d'aontaigh sí ceisteanna Nellie a fhreagairt.

Nuair a cuireadh ceist uirthi faoina haois, dúirt Minnie:

*"Méadaí de 9 í m'aois i mbliana.*
*An bhliain seo chugainn is méadaí de 8 a bheidh inti.*
*Tá mé níos sine ná 40 ach níl mé 70 fós.*

D'iompaigh Nellie agus d'imigh sí. Agus Nellie ag dúnamh geata an ghairdín bhéic Minnie " Feicfidh mé thú mar is gnáth ag club na gcartaí". Phléasc an bheirt amach ag gáire.

*Cén aois í Nellie?*

# Obair Inchinne
# Uimhreacha Tí

Tháinig Eddie an t-áiritheoir isteach i bPlás na Sailí le foirmeacha an daonáirimh a dháileadh. Ba chúis uafáis dó feiceáil nach raibh aon uimhreacha ar na tithe.

Ós rud é go raibh sé ag iarraidh taifid a choinneáil de na huimhreacha sraithe ar na foirmeacha a dháil sé ar gach teach, bhí a fhios aige go gcaithfeadh sé réiteach a fháil. Shochraigh sé uimhreacha a pheinteáil ar na tithe.

*Má bhí céad teach san eastát*
*cé mhéid babhtaí a raibh ar*
*Eddie an uimhir 9 a pheinteáil?*

# Obair Inchinne
# Cruthaigh é!

Chuaigh Eddie an t-áiritheoir ar ais chuig Oifig an Daonáirimh agus phostáil sé foirmeacha an daonáirimh i mboscaí difriúla.

Bhí uimhreacha sraithe scríofa ar gach aon fhoirm Dhaonáirimh sa chúinne ar bharr.

Bhí iomlán na n-uimhreacha sraithe ar na foirmeacha scríofa ar gach bosca.

Cén uimhir a théann i ngach bosca?

## Uimhreacha Sraithe:

21 16 7 6 12 22

9 10 5 17 2 8

## Boscaí Daonáirimh:

55 80